
# Straitéisí d'Idirghníomhú Cainte sa seomra ranga NTI







**Ag cur le cumas cumarsáide na scolairí**

TOSAIGH >

# Luach an idirghníomhaithe cainte i Sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí

*'In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire.'*

An Roinn Oideachais, 2023, lch 4



*' Trí bheith páirteach i gcumarsáid idirghníomhach forbróidh an scoláire bunchlocha na hidirghníomhaíochta cainte; scileanna éisteachta agus labhartha.'*

An Roinn Oideachais, 2023, lch 10

# Treoracha




I d’aonair ar dtús:

**Céim 1:** Smaoinigh ar an réimse straitéisí ar an Genially.
**Céim 2:** Cén straitéis a sheas amach duit?
**Céim 3:** Conas is féidir an straitéis a úsáid I do chomhthéacs féin chun neamhspleáchas an dalta a chothú?

Déan plé le do ghrúpa ansin.

# Straitéisí d'Idirghníomhú Cainte sa seomra ranga


## Straitéisí chun tacú le forbairt an chumais chumarsáidigh


Scafláil


Cumadóireacht ó bhéal


Spotsolas



Fíor-eachtraí


Léitheoir Tarot


Cásanna

**Cliceálaigí ar na deilbhiní gorma chun rochtain a fháil ar na straitéisí.**

# Scafláil – Ról-imirt ag tacú le scoláirí




**1. Íomhánna** - Is féidir le híomhánna a bheith ina mbunús le ról-imirt ar bith. D’fhéadfaí griangraf pearsanta, léaráidí, cartúin, straoiseoga, nó bolgáin cainte a úsáid chomh maith.

**2. Earraí** - Is ábhair iad ón bhfíorshaol a thógann scoláirí agus/nó múinteoirí isteach sa seomra ranga chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama, mar shampa bia, uirlisí ceoil, biachláir, éadaí is araile.

**3. Spreag-chártaí** - D’fhéadfadh le scoláirí agus/nó an múinteoir spreag-chártaí gearra a scríobh chun an comhrá a ghiniúint. Is iomaí féidearthacht a ghabhann leo. m.s. fréamhabairtí.

# Scafláil – Ról-imirt ag tacú le scoláirí



**4. Gníomhaíocht Mhata Boird** – Oibríonn na scoláirí le chéile chun ceisteanna nó pointí plé a chruthú maidir le cás/comhthéacs cumarsáideach.

**5. Randamóir** - Roghnaíonn an uirlis seo ainmneacha go fánach. Is féidir le scoláirí idirghníomhú sa Nuatheangacha Iasachta le comhscoláirí éagsúla, agus scileanna sóisialta agus idirghníomhaithe a fheabhsú dá réir. (wordwheel, cipíní)

**6. Gníomhaíochtaí míme** - Is foirm dhrámatúil í an mhím agus is féidir í a úsáid i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

# Cumadóireacht ó Bhéal/Ról-ghlacadh



**Cad is cumadóireacht o bhéal/ró-ghlacadh inti?**
Is ról-imirt fhorbartha í, ar nós miondráma neamhscriptithe.

**Conas a bhaintear leas as cumadóireacht ó bhéal/ról-ghlacadh?**
Tá níos mó i gceist le cumadóireacht ná eachtra amháin. Ní mór do scoláirí meascán leathan de ghníomhaíochtaí a thaibhiú (a dhéanamh). Tugann ócáid fhéideartha ar nós 'Sárú na rialacha scoile' deis do scoláirí miondráma a chruthú.

**Cén luach a bhaineann le cumadóireacht ó bhéal/ról-ghlacadh?**
Tá cumadóireacht ó bhéal in ann naisc gléineach a chruthú idir eispéireas an tseomra ranga agus úsáid na sprioctheanga sa tsochaí.

# Spotsolas ar an Scoláire



**Cad is spotsolas ar an scoláire?**
Glacann scoláire amháin/grúpa de scoláirí ról charachtair áirithe agus cuireann grúpa de scoláirí ceisteanna ar an té sin.

**Conas a chuirtear an teicníc seo i bhfeidhm?**

- Suíonn an scoláire/na scoláirí, ar a bhfuil an spotsolas air/orthu ar shuíochá(i)n os comhair an ranga.

- Beidh ullmhúchán an mhúinteora ag brath ar réamh-thuiscint na scoláirí i leith an charachtair/na gcarachtar.

**Cén luach a bhaineann le teicníc an spotsolais?**
Tá luach faoi leith ag an teicníc chun scileanna ceistiúcháin na scoláirí a fhorbairt agus iad ag obair i ngrúpaí. Is minic go mbíonn sé de chumas ag scoláirí bua na samhlaíochta agus bua na cruthaitheacha a úsáid sa seomra ranga.

# Fíor-eachtraí



**Cad is fíor-eachtra ann?**

Eascraíonn na fíor-eachtraí as saolta agus éispéiris na scoláirí iad féin.

Léiríonn scoláire áirithe a fhíor-eachtra féin a bhaineann le comhthéacs eile taobh amuigh den seomra ranga, mar shampla spórt nó laethanta saoire nó caitheamh amsire.

**Conas a bhaintear leas as fíor-eachtra?**

Creat oscailte atá i gceist ina bhfuil beirt ag glacadh páirte.

- Cé hiad na daoine seo?
- Cá bhfuil tú?
- Cad faoi a bhfuil tú ag caint?

**Cén luach a bhaineann le fíor-eachtra?**

Cruthaíonn an teicníc deiseanna do scoláirí teanga ábhartha a úsáid i mbealach a chuireann dúshlán rompu.

Múnlaithe ó - Scrivener, J. (2005). Learning Teaching: A guidebook for English language teachers, UK: Macmillan Publishers Limited.

# Léitheoirí Tarot



**Céard atá i gceist le léitheoir Tarot?**
Éisteann scoláirí agus cuireann siad ceisteanna ar dhaltaí eile atá ag tuar. Is féidir é a dhéanamh mar ‘léitheoir pailme’ gan scafall nó mar ‘léitheoir Tarot’ le cue-chártaí don scoláire ag tuar an todhchaí agus/nó na scoláirí atá ag cur na ceisteanna.

**Conas is féidir é a úsáid?**
Pléann na daltaí na ceisteanna ginearálta a d’fhéadfaidís a chur ar fhear feasa agus scríobh ar mhata boird iad. D’fhéadfadh an múinteoir ceisteanna níos sainiúla a fháil a d’fhéadfaí a chur, e.g. Cá dtabharfaidh mé cuairt? An mbeidh cáil orm? srl. Tacaíonn an múinteoir le ceisteanna oscailte maidir le cá háit, cad, cathain, cé agus cé acu chun tuilleadh deiseanna a sholáthar do chumarsáid spontáineach. D’fhéadfaí na daltaí a roinnt ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí feasa agus custaiméirí. Tar éis 2 nóiméad, rothlaíonn na custaiméirí go dtí fear feasa nua. Tar éis na chustaiméirí a bheith ag labhairt leis na fir feasa go léir, d'fhéadfadh an múinteoir aiseolas grúpa a fháil ar na rudaí a d'inis daoine a tharlódh sa todhchaí.

**Cén fáth léitheoir Tarot a úsáid?**
Tacaíonn an ghníomhaíocht leis na scileanna go léir le béim ar leith ar scafall na gramadaí i gcomhthéacs (aimsirí amach anseo, an modh coinníollach). Tá an teicníocht seo úsáideach chun scileanna ceistiúcháin a fhorbairt le scoláirí i ngrúpaí agus chun scéal a athinsint chomh maith.

# Cásanna



**Céard atá i gceist le cásanna?**
Is rólghlacadh iad seo ar féidir éagsúlacht cur chuige a bheith acu cosúil le réiteach fadhbanna, cinnteoireacht nó scéalaíocht; m.sh. carachtar stairiúil.

**Conas is féidir é a úsáid?**
Dé ghnáth, tiocfaidh an cás ó spéiseanna agus caitheamh aimsire pearsanta an dalta, m.sh. ceol, laethanta saoire, spórt a d'fhéadfadh deiseanna cumarsáide lánbhrí a sholáthar. Cruthaítear róil bunaithe ar an gcás agus déantar iad a rothlú, m.sh. turasóir a cailleadh ina bhaile féin ag lorg treoracha. D'fhéadfadh go mbeadh gá le scafall le cue-chártaí ionas go mbeidh siad solúbtha go leor chun scoláirí a spreagadh chun cumarsáid a dhéanamh go spontáineach.

**Cén fáth gur fiú cásanna a úsáid?**
Is féidir leis na cásanna seo, deiseanna a thabhairt do dhaltaí a gcuid scileanna teanga a chleachtadh i gcomhthéacs cumarsáideach. Is eispéiris ghníomhacha foghlama iad cásanna a chuireann idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht chun cinn ar féidir leo inspreagadh agus muinín na scoláirí a fheabhsú. Is féidir le cásanna a thacú le scileanna aiseolais agus machnaimh freisin.